2025/1229

20.6.2025

CINNEADH Uimh. 1/2025 ÓN GCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an 18 Meitheamh 2025

lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile [2025/1229]

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 519(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an tréimhse choigeartúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 38 a ghabhann leis an gComhaontú, ar lena linn a thugann gach Páirtí rochtain iomlán ar a uiscí do shoithí an Pháirtí eile chun iascaireacht a dhéanamh, tiocfaidh deireadh léi an 30 Meitheamh 2026.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 500(1) den Chomhaontú, a mbeidh feidhm aige tar éis an 30 Meitheamh 2026, tá gach Páirtí le rochtain a thabhairt do shoithí an Pháirtí eile ar iascaireacht ina uiscí sna folimistéir ábhartha ICES le haghaidh na bliana ábhartha ar leibhéal agus ar choinníollacha arna gcinneadh sna comhairliúcháin bhliantúla, ar choinníoll gur comhaontaíodh TACanna.

(3) Is mian leis na Páirtithe foráil a dhéanamh maidir le rochtain iomlán ilbhliantúil ar uiscí chun iascaireacht a dhéanamh ar feadh tréimhse shonraithe tar éis mhí an Mheithimh 2026.

(4) Le hAirteagal 508(2)(b) i gcomhar le hAirteagal 508(1)(l) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Iascach cinntí a ghlacadh maidir le treoirlínte a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm praiticiúil Airteagal 500 den Chomhaontú. Thairis sin, le hAirteagal 508(2)(d) den Chomhaontú tugtar de chumhacht don Choiste sin cinntí a ghlacadh i ndáil le haon ghné eile den chomhar maidir le bainistíocht iascaigh inbhuanaithe.

(5) Is iomchuí, sa chomhthéacs sin, léiriú ar Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú a eisiúint chun soiléiriú a dhéanamh ar an mbonn ar a bhféadfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach Cinneadh den sórt sin a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an téarma 'comhar maidir le bainistíocht iascaigh inbhuanaithe' in Airteagal 508(2)(d) den Chomhaontú a léiriú, chun críoch na forála sin amháin, mar théarma lena n-áirítear cinneadh a ghlacadh ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach chun foráil a dhéanamh maidir le rochtain iomlán ilbhliantúil ar uiscí chun iascaireacht a dhéanamh ar feadh tréimhse shonraithe ama, rud atá le meas, chun críocha Airteagal 500(1) agus (4) den Chomhaontú, mar thoradh comhaontaithe na gcomhairliúchán bliantúil (lena n-áirítear i gcás rochtana faoi Airteagal 500(5) den Chomhaontú i gcás ina socrófar TACanna sealadacha faoi Airteagal 499 den Chomhaontú).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, an 18 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle
Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Nick THOMAS-SYMONDS